




OÉ Gaillimh
NUI Galway



MNÁ CEANNRÓDAÍOCHA

03
17





MNÁ CEANNRÓDAÍOCHA


03
17

MNÁ CEANNRÓDAÍOCHA OÉ GAILLIMH: 1912-1922 AGUS INA DHIAIDH SIN. D'éascair an togra seo as Clár an stáit, Deich mBliana na gCuimhneachán. Is é aidhm an Chláir sin machnamh cuimsitheach a chothú ar imeachtaí agus ar éifeachtaí ba chúis le bunú an tSaorstáit agus a chosán le céad bliain anuas. Dá bhrí sin, bhí sé feiliúnach obair na mban sa saol poiblí i rith an ama seo a thaispeáint agus a athbhreithniú, an ollscoil náisiúnta san áireamh, agus chomh maith leis sin breathnú ar an tionchar a bhí ag imeachtaí sa saol poiblí ar na féidearthachtaí nua a cuireadh ar fáil do mhná san “Éire nua”. Díríonn an tionscadal, Mná Ceannródaíocha OÉ Gaillimh, ar 12 bhean as cúlraí éagsúla sóisialta, polaitiúla agus reiligiúnacha dá thoradh sin. Is iarchomhalta foirne nó iarmhac léinn gach duine díobh a rinne obair na gcapall ach ar beag trácht

atá orthu sna healaíona, sna heolaíochtaí agus sa saol polaitiúil, sna blianta roimh agus i ndiaidh 1916, nó sna blianta beaga i ndiaidh bhunú an tSaorstáit. Cuirtear béim sa taispeántas ar chomhthéacs na bhfeachtas leasaithe sóisialta a chuir borradh faoin tír ag tús an fichiú céad, an troid ar son an vóta a thabhairt do mhná agus rochtain do mhná ar oideachas agus ar fhostaíocht ghairmiúil san áireamh, mar aon le hiarrachtaí ina dhiaidh sin athrú sóisialta forásach agus cearta na mban a bhaint amach chun go mbeadh Éire níos nua-aimseartha. Is é an aidhm atá leis seo go spreagfaí plé agus machnamh ar ról na mban san ollscoil agus i sochaí na hÉireann i gcoitinne agus ar an méid atá le foghlaim ón am a caitheadh a chuideoidh linn aghaidh a thabhairt ar dhúshlán an chomhionannais inscne sa lá atá inniu ann.

– N. Reilly

Alice Jacqueline Perry
Mary Donovan-O'Sullivan
Emily Anderson
Ada English
Síle ní Chinneide
Celia Quinn Lynch
Margaret Heavey
Maureen McHugh O'Carroll
Máirín de Valera
Nora Niland
Caitlín Maude
Lorna Reynolds



Buíochas

Is í an tOllamh Niamh Reilly, Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta, OÉ Gaillimh a bhí ina coimeádaí agus ina príomhthaighdeoir ar an tionscadal seo. Ar na taighdeoirí a chuidigh léi bhí Mary Clancy agus an Dr Muireann O'Kinneide. Thug Ashley Brouder agus Alba Ubieto Oliván cúnamh taighde iarchéime. Tá buíochas ar leith ag gabháil do na dearthóirí, Aideen Allen agus Neasa White, agus do Aideen as tacaíocht bhainistíochta den scoth ar an tionscadal. Forbraíodh an tionscadal seo i mbun comhráite le comhghleacaithe i Líonra Taighde Inscne ARC, Ionad Léann Domhanda na mBan agus Líonra Ban na hOllscoile. I ndáiríre, is as comhdháil GENDER InEQUALITY an Líonra Inscne ARC i mí na Nollag 2015 a d'eascair an coincheap. Tá ionchur thar a bheith luachmhar faighte ó Oifig an Uachtaráin agus ó Oifig an Leas-Uachtaráin Comhionannais agus Éagsúlachta. I measc na ndaoine a thug tacaíocht nó cúnamh

don tionscnamh seo tá siad seo a leanas: Gillian Browne, An Dr Anne Byrne, An tOll. Dan Carey, John Caulfield, An tOll. Jane Conroy, Aoife Cooke, An Dr Caitríona Clear, An tOll. Elizabeth Fitzpatrick, Lorna Farren, An Dr Rachel Hilliard, Liz McConnell, An Dr Padraic Moran, An Dr Pat Morgan, An Dr Riana O'Dwyer, An Dr Rosaleen O'Neill, An Dr Tina Karen Pusse, An tOll. Anne Scott agus Martha Shaughnessy. Tá an tionscadal go mór faoi chomaoin ag comhghleacaithe i seirbhísí na Leabharlainne: Marie Boran, John Cox, Geraldine Curtin, Kieran Hoare, Barry Houlihan agus Ann Mitchell. Buíochas speisialta don tSeirbhís Aistriúcháin, Acadamh na hOllscolaíochta Gaelige. Taobh amuigh de OÉ Gaillimh, thug comhaltáí foirne sna háiteanna seo a leanas cúnamh gnaíúil: Cartlanna COBÁC; Leabharlanna Contae Shligigh; The Model, Sligeach; *The Galway Advertiser*; agus The British Library agus The National Archives. Buíochas chomh maith

as an gcúnamh ón Oll. Ruairí Ó hUiginn, eagarthóir *Bliainiris*; an scríbhneoir áitiúil, Mary J. Murphy; agus John Donnellan, Teach Duras, Cinn Mhara. Ar deireadh, tá buíochas ar leith tuilte ag teaghlaigh roinnt de na mná a bhfuil cur síos orthu sa taispeántas seo as pictiúir agus eolas beathaisnéiseach a chur ar fáil. Ina measc sin, tá siad seo a leanas: Brian Lynch, Eilish O'Carroll, Frances agus Stephanie Fitzgerald-Smith, agus an Dr Tony Power.

Thug scéim New Foundations 2015 na Comhairle um Thaighde in Éirinn tacaíocht don tionscadal Mná Ceannródaíochta OÉ Gaillimh, agus chuir Scoil na hEolaíochta Polaitiúla agus na Socheolaíochta, Ionad Léann Domhanda na mBan agus Institiúid de Móra do Thaighde sna Daonnachtaí agus sa Léann Sóisialta, OÉ Gaillimh maoiniú breise ar fáil.

Deartha ag Allen Creative. Curtha i gcló ag Dynasigns.



Alice Jacqueline Perry thart ar 1906, curtha ar fáil le caoinchead ó Chartlanna OÉ Gaillimh.

Rugadh Alice Jacqueline Perry (1885-1969) i nGaillimh agus fuair sí a cuid oideachais san ardscoil áitiúil agus i gColáiste na Banríona, Gaillimh (QCG) áit ar bhain sí BE le céadonóracha amach (1906).

Innealtóirí ab ea a hathair agus a huncail agus bhí céimeanna ollscoile ag a deirfiúracha agus ag a haintín. Ba í an chéad bhan-innealtóir in Éirinn agus sa Bhreatain í, éacht mór le rá ag an am. Bhásaigh máthair Alice Perry, Martha, i 1905 agus bhásaigh a hathair, James, go gairid i ndiaidh di a céim a bhaint amach. Ceapadh í ina Suirbhéir Contae Eatramhach in áit a hathar, agus bhíodh uirthi taisteal timpeall an chontae i rith an gheimhridh ag breathnú ar bhóithre, ar dhroichid agus ar fhoirgnimh don chomhairle contae. B'iontach an ról poiblí a bhí anseo do bhean óg ag an am. Níor ceapadh í sa phost buan, agus fuair sí post mar chigire monarchan i Sasana agus san Albain. I 1916, phós Alice Perry John Shaw a maraíodh an bhliain dár gcionn sa Chéad Chogadh Domhanda. D'iompaigh sí chuig Eaglais na hEolaíochta Críostaí agus chuaigh ar imirce go Bostún, i Stáit Aontaithe Mheiriceá áit ar fhoilsigh sí cúpla leabhar an bhfilíocht chráifeach faoin ainm Alice Jacqueline Shaw. Bhásaigh sí in Los Angeles in Aibreán 1969.

– M. Clancy

Context

Tréimhse chorrathach agóidíochta a bhí sna deich mbliana roimh 1916; bhí gluaiseacht ann ar son an Rialtais Dúchais agus ina éadan, ar son vótaí do na mná, ar son cearta d'oibrithé agus ar son leasuithe sóisialta a dhéanamh agus ar son athbheochan an chultúir Ghaelaigh. Cé go raibh Coláiste na Banríona, Gaillimh ag glacadh le mná mar mhic léinn sna 1880idí, ba bheag bean a bhain céim amach san innealtóireacht. Bhí Alice Perry ar dhuine den ghrúpa beag ban ar fud an domhain a chuir deireadh leis an idirdhealú seo. I ndiaidh na n-eachtraí drámatúla sa Chéad Chogadh Domhanda agus Éirí Amach 1916, ar nós go leor eile a raibh an cúlra sóisialta agus creidimh céanna acu agus a bhí aici, thóg Alice Perry an cinneadh Éire a fhágáil.

– N. Reilly



Mary Donovan

(1887-1966) was born in Galway and educated in the Dominican Convent and Queen's College Galway.

Bhuaigh sí gradaim ar scoil agus ag an ollscoil, agus bhain sí BA amach (1908) agus an chéad áit in Éirinn san MA (1909). I 1914, ceapadh í mar chéad Ollamh le Stair i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh, post a bhí aici go dtí na 1950idí. Bhí sí gníomhach ar son an vóta a thabhairt do mhná, ag iarraidh cothromaíocht ó thaobh pá, oideachais agus na ngairmeacha de agus ghníomhaigh sí mar leabharlannaí vótála. Bhí Mary Donovan, a phós céimí eile de chuid na hOllscoile, Jeremiah O'Sullivan i 1915, i mbun obair chogaidh agus earcaíochta i rith an Chéad Chogadh Domhanda. Bhí sí gníomhach ar choistí acadúla agus toghadh í ar Údarás na hOllscoile, ar Sheanad Ollscoil na hÉireann agus ar Acadamh Ríoga na hÉireann. Rinne sí ionadaíocht ar Ollscoil na hÉireann ag comhdhálacha idirnáisiúnta staire. Go háitiúil, thacaigh Donovan O'Sullivan le Cumann Seandálaíochta agus Staire na Gaillimhe, agus bhí sí ina heagarthóir ar iris an chumainn. Bhain sí cáil amach do Old Galway (1942) agus i 1943, bronnadh D. Litt uirthi as a saothar foilsithe. Bhí sí meallta ag cultúr na hEorpa, bhí sí i mbun feachtais do dhánlann nua-ealaíne i nGaillimh agus bhí sí gníomhach i bhfeimineachas eagraithe i lár an fichiú haois cosúil le Cumann na mBanchéimithe. Bhásaigh Mary Donovan O'Sullivan i mí Iúil 1966 agus cuireadh i nGaillimh í.

- M. Clancy



Context

Chuir an Irish Universities Act 1908 deireadh le Coláistí na Banríona i ndeisceart na hÉireann agus bunaíodh dhá ollscoil ina n-áit ar an oileán: Ollscoil na hÉireann, ina raibh COG, COC agus COBÁC, agus Ollscoil na Banríona, Béal Feirste. Réiteach a bhí san Acht, mar dhea, ar an bhfadhb a bhain le fada fíorach an lá le hoideachas ollscoile a sholáthar go féaráilte do Chaitlicigh in Éirinn, agus léirigh sé chomh maith éacht suntasach do mhná a raibh cead acu isteach ar gach céim agus gach oifig in Ollscoil na hÉireann. Bhain COG agus Mary Donovan leas as an reachtaíocht seo agus chuir sí tús lena tréimhse mar chéad ollamh ban na hollscoile i 1914. Thosaigh an Chéad Chogadh Domhanda an bhliain chéanna agus cuireadh rialtas dúchais siar - imeachtaí a d'imir tionchar ar ról Mary Donovan mar staraí poiblí.

- N. Reilly

Mary Donovan O'Sullivan thart ar na 1940idí, curtha ar fáil le caoinchead ó Chartlanna OÉ Gaillimh.



Emily Anderson mar leanbh, Grianghraif Theaghlach Anderson, curtha ar fáil le caoinchead ó Chartlanna OÉ Gaillimh.



Rugadh Emily Anderson (1891-1962) i nGaillimh agus cuireadh oideachas uirthi i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh (BA, 1911). Ba lucht acadúil mór le rá a teaghlach.

Bhí a hathair, Alexander Anderson, ina uachtarán ar an ollscoil, ba chéimithe iad a haintín, Bessie Anderson, agus a deirfiúracha, Elizabeth agus Helen. Bhí a máthair, Emily, gníomhach i leasuithe sóisialta agus in obair chogaidh. Bhuaigh Emily Anderson duaiseanna mar dhalta agus chaith sí a cuid ama ag staidéar agus ag obair sa Ghearmáin agus i mBarbadós, sular fhill sí ar Ghaillimh áit ar ceapadh í ina céad Ollamh le Gearmáinis i 1917. I 1920, bhog Anderson go Londain agus bhí sí ar dhuine de na chéad mhná a d'oibrigh in Oifig Gnóthaí Eachtracha na Breataine, nach raibh cead de réir dlí ag mná oibriú ann ach le gairid roimhe sin. Sa Dara Cogadh Domhanda, bhí Anderson i mbun obair faisnéise sa Mheán-Oirthear, agus bronnadh OBE uirthi dá bharr. Teangeolaí agus scoláire mór le rá ab ea Emily Anderson, bhain a saothair thábhachtacha *The Letters of Mozart and his Family* (1938) agus *The Letters of Beethoven* (1961) cáil idirnáisiúnta amach agus bronnadh Gradam Fiúntais Phoblacht Chónaidhme na Gearmáine uirthi. D'fhág Anderson a heastát ag carthanais i Sasana agus in Éirinn. D'fhág sí airgead ag an gCumann Fiolarmónach Ríoga chun duais bhliantúil a bhronnadh, Duais Emily Anderson do veidhleadóirí óga. Eagraíonn Music for Galway agus OÉ Gaillimh ceolchoirm bhliantúil i gcuimhne uirthi. Bhásaigh Emily Anderson i Londain i 1962.

– M. Clancy

Context

Rinne eagraíochtaí ar son an vóta a thabhairt do mhná an-dul chun cinn sa chéad chúpla bliain den fhichiú haois. Bhí iarrachtaí chun cothromaíocht a bhaint amach san ardoideachas ar aon dul le hiarrachtaí chun cearta saoránachta a bhaint amach do mhná. Bhí go leor éagothroime agus bochtaineachta ann ag an am – agus bhí go leor teaghlaigh fhorásacha, mheánaicmeacha, cosúil leis na Andersons, ag iarraidh an tsochaí a athrú. Idir 1911 agus 1917, d'fhág Emily Anderson Gaillimh agus bhí sí ag staidéar agus ag obair thar lear. Bhí Éire athraithe go mór nuair a d'fhill sí i 1917 agus chuaigh sí go Londain i 1920 agus Cogadh na Saoirse ag géarú.

– N. Reilly

Rugadh Ada (Adeline) English (1875-1944) i gContae Chiarraí, tógadh í sa Mhuileann gCearr, Contae na hIarmhí agus chuir Ord Loreto agus an Scoil Leighis Chaitliceach (Sráid Shisile, Baile Átha Cliath) oideachas uirthi.



Bhain sí a céim amach i 1903 (MB, B.Ch, BAO), agus bhí sí ar dhuine de na chéad bhandochtúirí in Éirinn. In 1904, ceapadh í ina hoifigeach cúnta leighis in Ospidéal Meabhairghalair Bhéal Átha na Sluaighe, Contae na Gaillimhe, áit ar oibrigh sí ar feadh dhá scór bliain. I mí an Mheithimh 1914, ceapadh í ina Léachtóir le Galair Mheabhreacha i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Bhí Ada English gníomhach in obair shóisialta, chultúrtha agus pholaitiúil sa tsláinte phoiblí, i bpolaitíocht náisiúnach, in athbheochan na Gaeilge agus na déantúsaíochta agus sa spórt. Bhí sí páirteach san éirí amach agus tugadh chun na cúirte í agus cuireadh sa phríosún i nGaillimh í. Éacht suntasach eile a bhain Ada English amach ab ea nuair a toghadh í sa Dara Dáil thar ceann Ollscoil na hÉireann (1921-1922). Bhí prionsabail láidre Chaitliceacha agus phoblachtánacha ag an Dr English agus ina dhiaidh sin, d'oibrigh sí mar shíciatraí leasúcháin seachas i bpolaitíocht pharlaiminteach. Ní bhfuair sí ardú céime mar Stiúrthóir Cónaitheach Leighis go dtí 1941, an bhliain sula ndeachaigh sí ar scor. Bean mhór teaghlaihb ba ea í Ada English, a raibh an-tóir aici ar spórt agus ar ainmhithe. Bhásaigh sí in Eanáir 1944 agus tá sí curtha i mBéal Átha na Sluaighe.

– M. Clancy

Context

Chaith Ada English formhór a saoil ag iarraidh coinníollacha agus prognóis a fheabhsú do na hothair le meabharghalar a bhí faoi chúram ospidéal Bhéal Átha na Sluaighe áit a raibh sí ag obair. Bhí dúshlán ar leith i gceist ag an am idir phlódú, easpa earraí bunúsacha i rith an Dara Cogadh Domhanda, agus eitinn a bhainistiú. D'ainneoin na gconstaicí ar fad, rinneadh an-dul chun cinn sa chúram i mBéal Átha na Sluaighe go luath sa 20ú céad, cosúil le hothair a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí garraíodóireachta agus in imeachtaí sóisialta. Thug an tAcht Cóireála Meabhair-Ghalar 1945, a achtaíodh bliain in ndiaidh bhás Ada English go leor de na leasuithe isteach a raibh sí ag troid ar a son.

– N. Reilly



Ada English thart ar 1910, curtha ar fáil le caoinchead ó Gill & Macmillan.

Síle Ní Chinnéide thart ar 1950, curtha ar fáil le caoinchead ó Chartlanna OÉ Gaillimh.



Rugadh Síle Ní Chinnéide
(1900 – 1980) de
theaghlach Caitliceach
náisiúnach i bPort Láirge.
Bhí sí gníomhach in
athbheochan na Gaeilge.

Bhain sí BA agus MA sa Stair amach in COC agus ceapadh í ina Léachtóir le Stair (trí Ghaeilge) in COG i 1927. Rinneadh Ollamh Comhlach le Stair aisti i 1965, agus chuaigh sí ar scor i 1970. B'éasca Síle Ní Chinnéide a aithint ar an gcampas mar go mbíodh sí ag caitheamh todóigíní i gcoimeádán. Mhúin sí réimse leathan tréimhsí staire agus chuir sí a saothar i stair na hEorpa i gcló, an ceann ba cháiliúla acu sin, An tSean-Eoraip (1947). Leag sí béim sa teagasc agus sa taighde ar chaidreamh na hÉireann leis an Eoraip. Staráí poiblí fuinniúil a bhí inti agus ba mhinic í ag scríobh sna nuachtáin nó le cloisteáil ar an raidió. Bhí sí ina comheagarthóir ar an Journal of the Galway Archaeological and History Society, agus ar iriséan Gaeilge an chumainn, Galvia, a raibh lámh aici ina bhunú i 1954. Chuaigh Síle Ní Chinnéide i gcion ar na glúnta mac léinn agus scoláirí. Éire aontaithe neamhsheicteach agus Caitliceachas liobrálach ó thaobh cultúir de a bhí uathí, agus níor thug sí aird ar bith ar an imní a bhí ann ag an am faoi leabhair mhíchriostaithe. Dar leis an staraí Nadia Smith, mhol sí do mhic léinn nach ndéanfadh sé dochar ar bith dóibh cuid den saothar a bhí ar liosta Leabhair Thoirmisce na Vatacáine a léamh.

– M. O'Coinneide

Context

Bhí an chéad phost a bhí ag Síle Ní Chinnéide in COG ar cheann de shraith léachtóireachtaí le Gaeilge sa Stair, Eacnamaíocht agus Matamaitic a cruthaíodh chun tiomantas an tSaorstáit don teagasc trí Ghaeilge a chur chun cinn. Dhaingnigh Acht Choláiste Príomh-Scoile na Gaillimhe 1929 an cur chuige seo, agus mhéadaigh an tAcht an maoiniú do COG chun cur le líon na foirne a raibh an Ghaeilge ar a dtoil acu. Bhí Síle Ní Chinnéide ar son Gaeilge éigeantach, seasamh a bhí ceangailte leis an stair eacnamaíoch a mhol sí mar chur chuige disciplíneach agus imirce inmheánach chun dul i ngleic le bochtaineacht sa Ghaeltacht.

– M. O'Coinneide

Rugadh **Celia Quinn** (1908-1989) i dTeach Duras, Cinn Mhara, Contae na Gaillimhe do Mary (McDonagh roimh phósadh di) agus John Quinn. Is i dTeach Duras a tionóladh an cruinniú ag ar bunaíodh Amharclann na Mainistreach.

Fuair Celia Quinn a cuid oideachais i gColáiste Loreto ar Fhaiche Stiabhna, COG (BA 1927; BComm 1928) agus COBÁC (HDipEd 1932), mhúin sí i mBaile Átha Cliath go dtí 1936 nuair a phós sí an Dr James B Lynch – a bhí ina TD agus Seanadóir de chuid Fhianna Fáil ó 1932 go dtí gur bhásaigh sé i 1954 agus gan é ach 52 bliain d’aois. Bhí sí fágtha ina tuismitheoir aonair le seachtar gasúr faoi 18 mbliana, nuair a rith Celia Lynch d’Fhianna Fáil i mBaile Átha Cliath Theas-Lár agus bhain sí suíochán amach i nDáil Éireann. I 1958, ba í an chéad aoire ban ag Fianna Fáil í. D’oibrigh sí ar fhadhbanna tithíochta agus do “mhná tí agus do bhaintreacha”. Bhí sí ina ball ar feadh i bhfad de Bhardas Bhaile Átha Cliath, agus rinne sí ionadaíocht chomh maith don tír seo i gComhairle Pharlaimint na hEorpa (1967-1969). Atoghadh í do shé théarma, agus ba í Celia Lynch an bhean ab fhaide a bhí ina TD nuair a d’éirigh sí as i 1977, nuair a dúirt sí gurbh é an t-aon aiféala a bhí uirthi nár éirigh le tithíocht shóisialta Bhaile Munna. Ní raibh ach triúr ban ina TDanna i 1969 nuair a thug sí an míniú seo ar an easpa ban sa pholaitíocht: “Nuair a phósann cailín ... bíonn a hintinn gafa ag an méid sin. Ach ní chuireann sé isteach ná amach ar na fir.”

– N. Reilly



Context

Ní inniu ná inné a tugadh faoi deara go raibh easpa ban i bparlaimint na hÉireann. In 2016, is mná iad aon chúigiú de na TDanna. I 1921, b’ionann mná agus cúig faoin gcéad den Dara Dáil (seisear TDanna), Ada English ó COG ina measc. D’fhan an cóimheas mar sin go dtí 1981 nuair a bhí seacht faoin gcéad de na teachtaí ina mná (11 TD). Sna 23 bliain (1954-1977) a chaith Celia Lynch ina TD d’fhan céatadán na mban a bhí ina dteachtaí faoi cheithre faoin gcéad (5 TD). Sa chomhthéacs sin, b’iontach na héachtaí a tréimhse fhada i nDáil Éireann agus toghadh Maureen O’Carroll mar chéad bhan-TD Pháirtí an Lucht Oibre.

– N. Reilly



Celia Lynch thart ar 1930, curtha ar fáil le caoinchead ó theaghlach Celia Lynch.



Mairéad Ní Éimhigh thart ar 1938, curtha ar fáil le caoinchead ó eagarthóirí Bliainiris.

Rugadh Mairéad Ní Éimhigh (1908-1980) i mBaile Átha an Rí, Contae na Gaillimhe, an chéad duine a rugadh do Alice (Kirwan sular phós sí) agus Thomas Heavey.



D'fhreastail sí ar Bhunscoil na Toirbhearta agus chláraigh sí in COG, bhain sí BA amach (1927) agus H. Dip Ed agus MA (1928 aron). Bhronn an Ollscoil Scoláireacht Taistil mór le rá sna Clasaicí uirthi, agus chuaigh sí ag staidéar in München leis. I 1931, d'fhill Mairéad Ní Éimhigh ar COG agus ceapadh í ina léachtóir le Laidin agus Gréigis trí Ghaeilge. Spreag an tóir a bhí aici ar na clasaicí agus ar a hábhar na glúnta mac léinn. Teangeolaí den scoth a bhí inti. D'aistrigh agus d'fhoilsigh sí go leor téacsanna Gréigise agus Laidine go Gaeilge agus ceapadh í ina hOllamh leis na Sean-Chlásaicigh i 1958. Taobh amuigh dá saol acadúil, scríobh Mairéad roinnt paimfléad reiligiúnach. Bhí an-mheas ag a teaghlach mór uirthi agus thug sí aire dá máthair aosta ar feadh na mblianta. Bhí sí ina Déan chomh maith ar Dhámh na nDán (1970 – 1976) agus chuir sí tús le seirbhísí nua tábhachtacha do mhic léinn sula ndeachaigh sí ar scor i 1977. I dtiomnacht ghnáúil chuir sí Duaiseanna bliantúla Bhaile Átha an Rí ar fáil san ollscoil do mhic léinn eisceachtúla sna clasaicí. Déanann Léacht Chuimhneacháin Mhairéad Ní Éimhigh in OÉ Gaillimh comóradh ar a cion don disciplín agus don ollscoil.

– N. Reilly

Context

Nuair a thosaigh Mairéad Ní Éimhigh a gairm in COG thug an stát isteach cosc ar phósadh, a chiallaigh go gcaithfeadh mná a bhí ag obair mar mhúinteoirí nó sa státseirbhís éirí as a bpoist dá bpósfadís. Cuireadh céad rialtas Fhianna Fáil le chéile i 1932. Gheall sé polasaithe poblachtacha, fáil réidh leis an mionn dílseachta do choróin na Breataine, agus tionsclú. Lean cogadh eacnamaíoch ar feadh sé bliana leis an mBreatain as sin, rud a chuir leis an mbochtaineacht, go mór mór faoin tuath agus glacadh le bunreacht 1937 de Valera trí reifreann. Bhí Cumann Náisiúnta na mBanchéimithe Ollscoile imithe i gcomhar le heagraíochtaí ban eile chun cur i gcoinne shorálacha leatroma na mban sa dréachtbhunreacht ach ba bheag an mhaith a bhí ann dóibh.

– N. Reilly

Rugadh Maureen McHugh (1913-1984) i mBaile Átha Cliath do Elizabeth (O'Dowd roimh phósadh di) agus Michael McHugh – ba as Gaillimh ó dhúchas dó, iriseoir, athbheochanóir Gaeilge, agus bhí sé gníomhach in Éirí Amach 1916.

Fuair Maureen McHugh scoláireacht le freastal ar Ghort na Ráibe i Maigh Eo, agus chinn sí dul sna mná rialta agus chláraigh sí in COG (sna Dána) i 1932. D'fhág sí an clochar ina diaidh agus d'oibrigh sí mar státseirbhíseach agus mar mhúinteoir go dtí 1936 nuair a phós sí Gerard O'Carroll, déantóir caibinéad. Bhí Maureen O'Carroll gníomhach ar son na gceardchumann agus, i 1947, chomhbhunaigh sí an Lower Prices Council, a chuir tús le feachtas i gcoinne praghas earraí tí ag ardú. I 1954 bhain sí suíochán amach i nDáil Éireann do Bhaile Átha Cliath Thuaidh-Lár. Ba í an chéad bhan-Teachta Dála ag Páirtí an Lucht Oibre í agus bhí sí ina Príomh-Aoire (1954-1957). Mar TD, throid Maureen O'Carroll ar son cead a bheith ag mná isteach sna gardaí, cearta do thomhaltóirí, agus deireadh a chur leis an stiogma a bhain le leanaí mídhlisteanacha. Bhásaigh a fear céile, Gerard O'Carroll, i 1965 nuair nach raibh an gasúr ab óige as deichniúr ach deich mbliana d'aois. Ba í máthair na n-aisteoirí agus na scríbhneoirí, Brendan O'Carroll agus Eilish O'Carroll í. D'oibrigh Maureen O'Carroll ina dhiaidh sin do Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath thar ceann na mban agus na leanaí gan dídean agus d'oibrigh sí go dian dícheallach ar cheisteanna eacnamaíocha agus sóisialta.

– N. Reilly

Context

Sa chéad deich mbliana den Saorstát, nuair a bhí Maureen McHugh i nGort na Ráibe agus nuair a chláraigh sí in COG, bhíodh díospóireacht chorraithe phoiblí ar siúl faoi ról na mban agus faoi mhoráltacht an phobail a chosaint san Éirinn nua agus saor. Ó na 1920idí ar aghaidh, bhí an stát ag iarraidh gealltanais bhunreachtúla a rinneadh roimhe sin chun combhionannas a thabhairt d'fhir agus do mhná a bhriseadh, agus béim a leagan ar dhualgais na mban sa bhaile. Le tacaíocht ón Eaglais Chaitliceach agus i gcoinne na n-eagraíochtaí ban a bhí ag agóidíocht, tugadh isteach reachtaíocht chun teorainn a chur ar pháirt na mban ar ghiúiréithe agus i bpoist sa státseirbhís agus ina dhiaidh sin chun cosc a chur ar gach eolas agus fearas a bhain le frithghníúint.

– N. Reilly

Maureen O'Carroll thart ar 1954, curtha ar fáil le caoinchead ó Eilish O'Carroll.





Máirín de Valera thart ar 1956, curtha ar fáil le caoinchead ó Chomhpháirtíocht COBÁC-na bProinsiasach

Rugadh Máirín de Valera (1912-1984) i mBaile Átha Cliath, an dara duine a rugadh do Shinéad (Flanagan roimh phósadh di) agus d'Éamon de Valera, a bhí ina uachtarán ar Éirinn ina dhiaidh sin.

Cuireadh oideachas uirthi i gColáiste Loreto ar Fhaiche Stiabhna agus chuaigh sí chuig COBÁC, áit ar bhain sí BA (1935) agus MSc (1936) amach sa luibheolaíocht. Chaith sí tréimhsí ag staidéar i Sasana, sa Bhreatain Bheag agus sa tSualainn, agus rinne sí speisialtóireacht san fhíceolaíocht, nó staidéar ar algaí. I 1939, thosaigh Máirín de Valera ag obair in COG mar chúntóir i Roinn Stair an Dúlra. Mhúin sí na cúrsaí luibheolaíochta ar fad a tairgeadh do mhic léinn trí Bhéarla agus trí Ghaeilge. Bhunaigh sí a PhD (OÉ, 1945) ar an taighde allamuigh ar fad a rinne sí ar fheamainn na Gaillimhe – agus í ag imeacht le cósta ar a rothar. Ceapadh Máirín de Valera ina léachtóir le luibheolaíocht in COG i 1947 agus ba í an chéad Ollamh le Luibheolaíocht i 1962 í, post a bhí aici go dtí 1977. Ba mhúinteoir agus thaighdeoir an-ghrinn agus díograiseach a bhí inti. Bhí sí ar dhuine de bhunaitheoirí Chumann Fíceolaíoch na Breataine i 1951 agus d'fhoilsigh sí breis is 25 páipéar eolaíoch. Ní raibh sárú Mháirín de Valera le fáil ó thaobh cur amach ar speicis chósta thiar na hÉireann. Ainmníodh na halgaí dearga Devaleraea ina diaidh i 1982. In 2006, athainmníodh stáisiún taighde allamuigh na hollscoile i mBoirinn agus tugadh Stáisiún Taighde Mháirín de Valera air. Nuair a bhásaigh sí, rinne a comhghleacaithe cur síos uirthi mar scéalaí den scoth a bhí thar a bheith barrúil.

– N. Reilly

Context

Ceapadh Máirín de Valera in COG i 1939 nuair a bhris an Dara Cogadh Domhanda amach. Cé gur saol ciúin a bhí aici i mbun eolaíochta ar chósta thiar na hÉireann, bhí lámh ag a hathair, Éamon de Valera, ar stiúir na tíre as sin go ceann scór bliain – agus dearcadh coimeádach, cúng, Caitliceach aige. Cé go raibh an-bhrú air, chloigh rialtas de Valera le polasaí neodrachta i rith an chogaidh – seasamh a thuill tacaíocht fhorleathan, thraspháirtí.

– N. Reilly



Rugadh Nora Niland (1913-1988) i gContae na Gaillimhe agus cuireadh oideachas uirthi i Scoil Theicniúil na Gaillimhe. San oíche a rinne sí céim in COG (BA, 1943) agus í ag obair mar leabharlannaí i nGaillimh.

I 1945, ceapadh Nora Niland ina leabharlannaí contae i Sligeach. Bhí sé mar aidhm aici seirbhísi leabharlainne agus iarsmalainne a fhorbairt, áitreabh nua a aimsiú agus, thar aon rud eile, aitheantas a thabhairt d'oidhreacht theaghlach Yeats i Sligeach. Faoi dheireadh na 1950idí, bhí Nora Niland i mbun bailiúchán ealaíne nua-aimseartha a chur le chéile, ag aimsiú saothair ealaíne agus ag bailiú airgid in Éirinn agus thar lear. Tá Cnuasach leathnaithe Uí Nialláin ar fáil anois don phobal sa Model, Sligeach agus is ócáid bhliantúil idirnáisiúnta anois í Scoil Samhraidh Yeats a raibh lámh aici i mbunú na Scoile sin. Spreag Nora Niland léitheoireacht sna bunscoileanna, thug sí ealaín ar iasacht d'ócáidí acadúla, bhí sí bainteach le cumainn chultúrtha i nGaillimh agus labhair sí ar Yeats. Bhí an-chaidreamh aici lena teaghlach i nGaillimh agus chomhbhunaigh sí gnó na teaghlach agus bhí sí ina cathaoirleach air. Leabharlannaí contae agus coimeadaí mór le rá a bhí i Nora Niland, a chreid go láidir sna leabhair agus san ealaín chun cuidiú le saol na tuaithe agus leis an saol náisiúnta poiblí. Bhásaigh sí i 1988 agus tá sí curtha in aice leis an áit arbh as í i gContae na Gaillimhe.

– M. Clancy

Context

I ndiaidh do Nora Niland tosú mar leabharlannaí contae, tháinig an tAcht um Chinsireacht Fhoilseachán 1946 in áit Acht um Scrúdóireacht Fhoilseachán 1929, agus rinneadh foráil bhreise do chinsireacht ar leabhair agus ar iriseáin chun “morálacha poiblí” a chosaint. Ar feadh na mblianta fada ina dhiaidh sin, beag beann ar a dtuairimí pearsanta, bhí iallach ar leabharlannaithe na dlíthe cinsireachta a chur i bhfeidhm agus cosc a chur ar shaothair na scríbhneoirí ba mhó le rá in Éirinn, ó James Joyce agus Kate O'Brien go Frank O'Connor agus Maura Laverty. Bhí an tAcht Leabharlanna Poiblí 1947 níos dearfaí. Ba é an aidhm a bhí leis sin tacú le leasú a bhí ag teastáil le fada fíorach an lá ar riar áitiúil na leabharlann agus níos mó léitheoireachta a spreagadh i measc an phobail.

– N. Reilly

Nora Niland thart ar 1963, The Eccles Photographic Collection, curtha ar fáil le caoinchead ó Leabharlanna Contae Shligigh.



**The
Niland
Collection**



Caitlín Maude thart ar na 1970idí, curtha ar fáil le caoinchead ó Ionad Preasa RTÉ.

Rugadh Caitlín Maude (1941-1982) i gContae na Gaillimhe. D'fhreastail sí ar Choláiste Chroí Mhuire, An Spidéal agus ar COG (BA 1962).



Bhí suim aici sa scríbhneoireacht, san amhránaíocht agus sa cheol ó bhí sí ina cailín an-óg, agus bhain sí duaiseanna amach don amhránaíocht ar an sean-nós. I 1962, cuireadh a dráma úrnua, *An Lasair-Choille*, a scríobh sí leis an bhfile Mícheál Ó hAirtnéide, ar stáitse den chéad uair i dTaibhdhearc na Gaillimhe. I 1964, i mBaile Átha Cliath, rinne sí an phríomhpháirt, Máire, bean nach raibh pósta ach a bhí ag súil le páiste, i ndráma Mhairéad Ní Ghráda, *An Triail*. Ba chéim an-mhisniúil a bhí anseo don scríbhneoir agus don aisteoir araon ó tharla an stiogma agus an tost a bhí faoin ábhar seo. Leis an amhránaíocht, leis an bhfilíocht agus leis an drámaíocht Ghaeilge ba mhó a bhí saothar ealaíonta Chaitlín Maude gafa. I 1975, d'eisigh Gael-Linn albam, Caitlín. Ina dhiaidh sin, bhain sí cáil amach ar an teilifís agus bhí sí le feiceáil ag imeachtaí ealaíne san Albain agus in Éirinn. Bhí Caitlín Maude glórach ag agóidí poiblí sna 1960idí agus 1970idí, go mór mór ag agóidí faoin nGaeilge agus faoi staid shóisialta, eacnamaíoch agus pholaitiúil Iarthar na hÉireann. Bhí lámh aici in éachtaí nár baineadh amach go ceann tamall de bhlianta agus bhí a guth ar ábhair cosúil leis na healaíona Gaeilge agus polaitíocht shibhialta, ó na 1960idí go dtí gur bhásaigh sí roimh am i 1982, inspioráideach.

– M. Clancy

Context

Bhí an eaglais agus an stát an-tógtha le ceist na “máithreacha neamhphósta” ó bunaíodh an Saorstát go dtí na 1980idí. Bhí náire ag baint le gnéas agus leanaí taobh amuigh den phósadh, agus ba ar na mná a thit an stiogma den chuid is mó. Tá neart cur síos déanta ar ról na neachtlann Maigdiléana ina leith seo. Thug an dráma An Triail aghaidh dhíreach ar na téamaí seo. Bhí tarraingt ag Gaeilgeoirí agus ag daoine nach iad ar an dráma, agus mhol léirmheastóirí an dráma sa bhaile agus thar lear. Moladh Caitlín Maude sna léirmheasanna as a haisteoireacht iontach agus a héadan iontach dodhearmadta. Níl aon amhras ach gur chuidigh a páirt le plé oscailte a thosú, plé a bhí ag teastáil go géar ar an taobh ceilte d’Éirinn nua-aimseartha.

– N. Reilly

Rugadh Lorna Reynolds (1911-2003) in Iamáice do Teresa (Hickey roimh phósadh di) agus Michael Reynolds, sáirsint foirne sna hInnealtóirí Ríoga.



Lorna Reynolds thart ar 1990, curtha ar fáil le caoinchead ó theaghlach Lorna Reynolds.



D'fhill an teaghlach ar Éirinn i 1912 agus chónaigh siad i mBiorra, Contae Uíbh Fhailí agus ina dhiaidh sin i mBaile Átha Cliath áit ar fhreastail sí ar an gColáiste Doimíniceach ar Shráid Eccles, Baile Átha Cliath agus ar thug sí faoi staidéar ar an mBéarla in COBÁC (BA 1933; MA 1935; PhD 1940). Mhúin Lorna Reynolds in COBÁC ar feadh 30 bliain agus ansin ceapadh ina hOllamh le Nua-Bhéarla í in COG i 1966. Bhí an-cháil uirthi mar eagarthóir, mar scoláire liteartha agus mar chainteoir poiblí. Bhí ardmheas ar a cuid oibre mar eagarthóir ar an *University Review*. Scrobh sí beathaisnéis Kate O'Brien a bhí an-mholta ag na léirmheastóirí agus b'fhile agus scríbhneoir gearrscéalta den scoth a bhí inti. Fad a bhí sí in COG, chomhoibrigh sí le Robert O'Driscoll in Ollscoil Toronto agus bhí sí ina comheagarthóir ar roinnt imleabhar de *Yeats Studies*. Bhí Lorna Reynolds ina ceannródaí ar chúiseanna éagsúla agus chuir sí le dul chun cinn na mban i sochaí na hÉireann agus sa saol acadúil. Sampla amháin den cheannródaíocht seo, an feachtas a chuir sí ar bun sna 1970idí chun amharclann thréigthe Sheoirseach i nDún an Uchta, Contae na Gaillimhe, a athchóiriú. Bhí suim riamh aici san Iodáil, sa taisteal agus sa chócaireacht. Foilsíodh leabhar cócaireachta dá cuid i 1990. Nuair a chuaigh sí ar scor chuaigh sí chun cónaí i mBaile Átha Cliath ach thug sí cuairt go rialta ar Dhún an Uchta. Tá sí curtha i Reilig Chluain Eochaille, Biorra.

– N. Reilly

Context

I 1995, thug Lorna Reynolds tuairisc ar a cuimhní cinn de Ghaillimh ó bhí sí ina gasúr go dtí a tréimhse in COG in aimsir chorrathach Lemass. Mhínigh sí a cinneadh bogadh go Gaillimh mar seo a leanas: “nuair a ceapadh ollúnachtaí nua i gColáiste Ollscoile, Baile Átha Cliath agus nuair a measadh go mbeinnse (mar bhean dar ndóigh) sásta le Comh-Ollúnacht, go tobann bhí cathaoir an Bhéarla folamh i nGaillimh agus gan coinne ar bith leis Ní bheadh sé éasca Baile Átha Cliath a fhágáil áit a raibh mo mháthair, mo dheartháir agus formhór mo chairde, áit a raibh dúshlán seasta agus taitneamhach ó mo chuid mac léinn. Bhí eolas ar an nGaeilge riachtanach don phost i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Bhí sé chomh fada sin ó labhair mise aon Ghaeilge, an mbeinn in ann chuige? Chinn mé iarracht a dhéanamh.”

– N. Reilly

Foinsí

LEABHARLIOSTA

Alice Jacqueline Perry

Daonáireamh na hÉireann; *Galway Express*, *Connacht Tribune*, *Irish Times*, *Times*; eolas ó Joss Lynam (nia) aagus ó Eaglais na hEolaíochta Críostaí, Bostún; Sid Geraghty, 'Alice Jacqueline Perry: Engineer, poet, Christian Scientist' (1997); Teastas breithe agus teastas báis; grianghraif; Blianiris QCG; Féilirí QCG; *Dictionary of Irish Biography*.

Mary Donovan O'Sullivan

Daonáireamh na hÉireann; Páipéir, Leabharlann Shéamais Uí Argadáin, OÉ Gaillimh; *Galway Express*, *Connacht Tribune*, *Irish Times*, *Irish Independent*, *Irish Press*; *Journal of the Galway Archaeological and Historical Society*; C.O.G.: A College Annual; Miontuairiscí Údarás Cholaíste na hOllscoile, Gaillimh (COG); Miontuairiscí Chomhairle Acadúil COG; teastas báis; Mary Clancy, 'It was our joy to keep the flag flying': A study of the women's suffrage campaign in County Galway, *UCG Women's Studies Centre Review* (1995), 91-104; *Dictionary of Irish Biography*.

Emily Anderson

Daonáireamh na hÉireann, 1901 agus 1911; Teastas breithe; *Galway Express*, *Connacht Tribune*, *Irish Times*, *Times*; Miontuairiscí Údarás Cholaíste na hOllscoile, Gaillimh; Miontuairiscí Chomhairle Acadúil COG; cumarsáid, Foreign and Commonwealth Office, London; Rosaleen O'Neill, 'Modern Languages', in Tadhg Foley, eag., *From Queen's College to National University* (1999), 360-383; Mary Clancy agus Mary McGill, *Past Students: New Women Explore Project 2015-16* (OÉ Gaillimh); *Dictionary of Irish Biography*.

Ada English

Daonáireamh na hÉireann; *Connacht Tribune*, *Irish Times*, *Irish Press*; eolas ó ghaolta Ada English; grianghraif; tuarascálacha bliantúla an Women's National Health Association; Miontuairiscí Údarás Cholaíste na hOllscoile, Gaillimh; Miontuairiscí Chomhairle Acadúil COG; Díospóireachtaí, an Dara Dáil; Mary Clancy, 'On the "Western Outpost": Local government and women's suffrage in Co. Galway, 1891-1918', Gerard Moran agus Raymond Gillespie, eagarthóirí, *Galway, History and Society* (1996), 557-587; Brendan Kelly, *Ada English: Patriot and Psychiatrist* (2014); *Dictionary of Irish Biography*.

Síle Ní Chinnéide

Tadhg Foley, *From Queen's College to National University: Essays on the Academic History of QCG/UCG/NUI, Galway* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 1999), 303-325; Nadia Clare Smith, *A 'Manly Study'? Irish Women Historians, 1868-1949* (Basingstoke: Palgrave Macmillan, 2006).

Celia Lynch

'Death of Mrs Celia Lynch', *Irish Independent*, 17 Meitheamh 1989; 'Death of Mrs Celia Lynch', *Irish Times*, 17 Meitheamh 1989; Rosemarie Doyle, 'The 16 Women Candidates', *Irish Times*, 26 Feabhra 1973; 'An ex-TD's one regret', *Irish Press*, 30 Meán Fómhair 1977; 'Her job makes history', *Sunday Independent*, 9 Márta 1958; Mary Kenny, 'Profiles of our women at the Dail', *Irish Press*, 30 Meitheamh 1969; Claire F. McGing, 'Republicans and widows: Women's political participation and representation in Ireland, 1918-1973' (2015); 'Woman TD is new Govt whip', *Irish Press*, 6 Márta 1958.

Mairéad Ní Éimhigh

Gerry Ahern, 'Athenry: An tOllamh Mairéad Ní Éimhigh/Professor Margaret Heavey', láithreán gréasáin *Our Irish Heritage*, 12 Nollaig 2013; J.M agus A.K., 'Professor Margaret Heavey: An Appreciation', *Irish Times*, 17 Lúnasa 1980; 'New Dean', *Connacht Sentinel*, 3 Feabhra 1976; Tomás Ó Con Cheanainn, 'Mairéad Ní Éimhigh: Margaret Heavey', *Bliainiris* (2004), 9-27; Etienne Rynne, 'Professor Margaret Heavey (An tOllamh Mairéad Ní Éimhigh)', *Athenry Contact Magazine* (1980).

Maureen O'Carroll

Brian Beacom, *The Real Mrs. Brown: The Brendan O'Carroll Story* (Londain: Hodder & Stoughton, 2014); John McEntee, 'Brendan's Mammy: The fearless crusading TD', *Irish Independent*, 19 Eanáir 2014; Claire F. McGing, 'Republicans and widows: Women's political participation and representation in Ireland, 1918-1973' (2015); Maureen McHugh, 'I'm the mammy of a nun', *Sunday Independent*, 25 Eanáir 1931; Mary J. Murphy, *Caherlistrane* (Gaillimh: Knockma Publishing, 2015).

Máirín De Valera

M.D. Guiry agus P.S. Dixon, 'Máirín de Valera (1912-1984)', *British Psychological Journal* 20.1 (1985): 81-84; Cathy Hayes, 'De Valera, Máirín', in *Dictionary of Irish Biography*, eagarthóirí, James McGuire agus James Quinn (Cambridge: Cambridge University Press, 2009); Michael Mitchell, 'Máirín de Valera (1912-1984)', *The Irish Naturalists' Journal* 21.9 (1985): 377-378; 'RnA to air interview with Máirín de Valera', *Galway Advertiser*, 6 Lúnasa 2009.

Nora Niland

Connacht Tribune, *Irish Times*; eolas ó bhéal; The Model Gallery; Cnuasach Uí Nialláin, Sligeach; Catalóg Chnuasach Uí Nialláin (gan dáta); *Bun Os Cionn* bunosc.wordpress.com agus *Journal of the Old Tuam Society* 10 (2013); *Dictionary of Irish Biography*.

Caitlín Maude

Connacht Tribune, *Irish Times*; Mairéad Ní Ghráda, *An Triail* (curtha ar stáitse den chéad uair, 1964) Concerto Chaitlín Maude (2005); grianghraif agus scannán; Ciarán Ó Coigligh, eag., *Caitlín Maude: Dánta, drámaíocht agus próis* (2005); www.ainm.ie; *Dictionary of Irish Biography*.

Lorna Reynolds

'Interview with Dr Margaret MacCurtain', 28 Eanáir 1999, <http://www.tallgirlshorts.net/marymary/margaretext.html>; 'A Life Whose Theme Was Freedom of Women', *Irish Times*, 26 Iúil 2003; Lorna Reynolds, 'Across the Shannon: Experiences of Galway', *The Irish Review* 17/18 (1995): 40-46; 'Lorna Reynolds', láithreán gréasáin Chumann Iardhaltaí an Cholaíste Dhoimínigh, <http://www.dominicancollegeppu.ie/AlumniProfiles.html#LR>.

COMHTHÉACS

Bruce Arnold, 'Re-naming of Sligo Gallery is absurd: Nora Niland left a rich legacy – so why not honour her?', *Irish Independent*, 15 Lúnasa 2009; Caitriona Beaumont, 'Women, citizenship and Catholicism in the Irish Free state, 1922-1948', *Women's History Review* 6:4 (1997): 563-585; Rosemary Cullen Owens, *A Social History of Women in Ireland, 1870-1970* (Baile Átha Cliath: Gill & Macmillan, 2005), 157-180; Mary Davoren, Eugene G. Breen, agus Brendan D. Kelly, 'Dr Ada English: Patriot and psychiatrist in early 20th century Ireland', *Irish Journal of Psychological Medicine* 28.2 (2011): 91-96; Roy Douglas, Liam Harte, agus Jim O'Hara, *Ireland since 1690: A Concise History* (Béal Feirste: Blackstaff, 1999), 113-123; Diarmaid Ferriter, *The Transformation of Ireland, 1900-2000* (Londain: Profile, 2005), 175-179, 419-420, 425; Tadhg Foley, *From Queen's College to National University: Essays on the Academic History of QCG/UCG/NUI, Galway* (Baile Átha Cliath: Four Courts Press, 1999); Judith Harford, 'The admission of women to the National University of Ireland', *Education Research and Perspectives* 35.2 (2008): 44-56; Brendan Kelly, *Ada English: Patriot and Psychiatrist* (Baile Átha Cliath: Irish Academic Press, 2014); 'List of women in Dáil Éireann', Wikipedia; Maedhbh MacNamara agus Paschal Mooney, *Women in Parliament: Ireland, 1918-2000* (Baile Átha Cliath: Wolfhound Press, 2000), 102-104; T.W. Moody agus F.X. Martin, *The Course of Irish History*, eagrán leasaithe agus méadaithe (Corcaigh: Mercier Press, 2011), 280-316; Peter H. Reid agus Margaret Molloy, 'Church and state: Censorship and political interference in the libraries of County Mayo', *Library & Information History* 29.2 (2013): 118), -134-325; Nadia Clare Smith, *A 'Manly Study'? Irish Women Historians, 1868-1949* (Basingstoke: Palgrave Macmillan, 2006); Sean J. White, léirmheas ar *An Triail*, *Irish Press*, 7 Nollaig 1964.